



An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13307/23

SOC 635
EMPL 454
ECOFIN 916
EDUC 365

NÓTA

ó:	An Coiste Fostaíochta
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta - Formhuiniú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta (EMCO) bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (AEPR) agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (EPM), chun go bhformhuineoidh an Chomhairle (EPSCO) iad an 9 Deireadh Fómhair 2023.

Féadfar an tuarascáil iomlán AEPR a fháil in 13307/23 ADD 1.

Féadfar an EPM iomlán a fháil in 13307/23 ADD 2.

Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar Thuarascáil Bhliantúil 2023 ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta

1. I gcomhréir lena shainordú de réir Airteagal 150 CFAE, tá athbhreithniú bliantúil déanta ag an gCoiste Fostaíochta ar staid na fostaíochta san Aontas Eorpach don Chomhairle. Cuireann an t-athbhreithniú leis an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta 2023¹, a dhéanann monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna 2030 agus a dhéanann príomhdhúshláin fostaíochta agus torthaí maithe i margadh an tsaothair a shainaithint ar an gcéad amharc ar fud an Aontais agus i ngach Ballstát.
2. Déantar achoimre ar phríomhthorthaí Mhonatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta don bhliain seo, a comhaontaíodh i nGrúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta ag deireadh mhí na Bealtaine, sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta do 2023. Leis na torthaí sin, déantar na conclúidí ó fhaireachas iltaobhach an Choiste Fostaíochta ar chur chun feidhme mholtaí tírshonracha na Comhairle agus moltaí eile ón gComhairle faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh a chomhlánú.
3. Leis an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta araon, den dara bliain i ndiaidh a chéile, déantar príomhspríocanna an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht agus foghlaim aosach a ionchorprú den chéad uair, ar spriocanna iad a mhol an Coimisiún Eorpach sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus ba dhíol sásaimh do cheannairí an Aontais iad ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021 agus don Chomhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021, chomh maith leis na spriocanna náisiúnta gaolmhara arna leagan síos ag na Ballstáit agus a cuireadh i láthair ag Comhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2022.

¹ Leis an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, cuirtear le torthaí an Chomhchreat Measúnúcháin. Is uirlis measúnaithe táscairebhunaithe é an Comhchreat Measúnúcháin a d'fhorbair an Coiste Fostaíochta, an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) agus an Coimisiún Eorpach go comhpháirteach, lena gcumhdaítear réimsí ginearálta agus sonracha beartais faoi na Treoirí Fostaíochta, agus arb é is aidhm dó príomhdhúshláin agus torthaí maithe i margadh an tsaothair a shainaithint sna réimsí sin agus tacú leis na Ballstáit a dtosaíochtaí a bhunú.

4. Thairis sin, san anailís a cuireadh i láthair sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta i mbliana, comhtháthaítear gné réamhbhreathnaitheach agus an fás íosta bliantúil fostaíochta is gá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun na spriocanna faoi seach maidir leis an ráta fostaíochta a bhaint amach faoi 2030 agus léirítear léi freisin an méid a d'fhéadfadh grúpaí sonracha den daonra rannhuidiú leis an dul chun cinn i dtreo an spriocráta fostaíochta.
5. In ainneoin na ndúshlán tromchúiseach a bhí ann — cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, an ghéarchéim fuinnimh agus brúnna boilscitheacha, cuir i gcás — d'fheidhmigh geilleagar an Aontais go measartha maith in 2022 agus d'fhan margadh an tsaothair athléimneach, agus shroich rátaí fostaíochta agus dífhostaíochta leibhéil nár baineadh amach riamh roimhe sin.
6. Níos cruinne fós, tháinig feabhas 74.6 % ar ráta fostaíochta sna 27 mBallstát i measc daoine idir 20-64 bliana d'aois in 2022 (méadú 1.5 % i gcomparáid le 2021), arb é an ráta is airde ó thús na hamsraithe in 2009 é. Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta i ngach phríomh-aoisghrúpa in 2022 (oibrithe óga, oibrithe san aoisghrúpa phríomha agus oibrithe scothaosta) ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, tháinig feabhas i ngach Ballstát ar an ráta fostaíochta do dhaoine idir 20 agus 64 bliana i gcomparáid le 2021 agus, i mBallstáit uile an Aontais, nach mór, ba mhó an ráta fostaíochta in 2022 (do dhaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois) ná an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim (2019). Lean ráta gníomhaíochta an Aontais (do dhaoine idir 20 agus 64 bliana d'aois) de bheith ag feabhsú in 2022. 79.4 % a bhí sé, méadú 1 % i gcomparáid le 2021, agus is mór a rannchuidigh mná leis an bhforbairt sin.
7. Maidir leis an meánráta dífhostaíochta do dhaoine os cionn 15 bliana d'aois san Aontas, tháinig laghdú 0.9 % air go 6.2 % in 2022, i gcomparáid le ráta 2021, agus bhí laghdú ar an ráta sin i ngach Ballstát in 2022, nach mór. Thairis sin, tháinig laghdú ar ráta dífhostaíochta fadtéarmaí na 27 mBallstát in 2022 freisin.

8. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta i measc na hóige san Aontas (idir 15 agus 24 bliana d’aois) in 2022 i gcomparáid le bliain ó shin, ach tá sé níos mó ná dhá uair níos mó ná an ráta foriomlán dífhostaíochta, rud a léiríonn dúshlán barrthábhachtach i ndáil leis an méid sin agus an gá atá i gcónaí leis an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a chur chun feidhme. Thairis sin, tháinig laghdú 1.4 % ar ráta na ndaoine idir 15 agus 29 mbliana d’aois nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET) san Aontas in 2022 go 11.7 %. Ina theannta sin, an bhearna fostaíochta idir na hinscní sna Ballstáit, is é sin an difríocht idir ráta fostaíochta na bhfear agus na mban idir 20 agus 64 bliana d’aois, tá sí ag leibhéal ard i gcónaí, cé gur tháinig laghdú beag uirthi in 2022, go 10.7 % ó 10.9 % mar a bhí ann in 2021. Dá bhrí sin, tá gá le dul chun cinn suntasach sa dá réimse sin. De réir Phlean Gníomhaíochta Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta, chun 78 %, an príomh-spriocráta fostaíochta, a bhaint amach faoi 2030, ní mór don Eoraip iarracht a dhéanamh an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú faoina leath ar a laghad i gcomparáid le 2019 agus ráta NEET na ndaoine óga idir 15 agus 29 mbliana d’aois a laghdú ó 12.6 % (mar a bhí in 2019) go 9.0 % faoi 2030 (laghdú 3.6 % san iomlán), agus déanfar sin ach a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú.
9. Maidir leis an am atá le teacht, ceann de na príomhchonclúidí i Réamhaisnéis Eacnamaíoch an Earraigh a rinne an Coimisiún in 2023 go meastar go ndéanfar tionchar an mhoillithe eacnamaíoch ar mhargadh an tsaothair a mhaolú de bharr theirce an mhargaidh saothair, na cnapaireachta saothair i ngeall ar ghanntanas scileanna agus an éilimh láidir, go háirithe ar sheirbhísí. Faoi chuimsiú an mhéid sin, is é 0.5 % an fás fostaíochta atá á thuar san Aontas i mbliana. Meastar go leanfaidh an fhostaíocht de bheith ag fás go measartha (0.4 %) in 2024, mar sin is lú fáis a bheidh ann ná mar a bhí in 2022. Meastar go bhfanfaidh an ráta dífhostaíochta gar don íosmhéid stairiúil, 6.2 %, san Aontas in 2023, sula n-ísleoidh sé go 6.1 % in 2024.

10. Maidir leis an bpríomh-spriocráta fostaíochta, is é sin 78 % faoi 2030, chuir dálaí láidre sa mhargadh saothair in 2022 go mór leis an dul chun cinn i dtreo na sprice sin. Tá méadú 3.4 % ar an meán ag teastáil ar leibhéal an Aontais faoi 2030 chun an sprioc sin a bhaint amach; tá sé mar aidhm ag 8 mBallstát, áfach, a rátaí fostaíochta a mhéadú níos mó ná dhá oiread an mhéid sin chun a spriocanna náisiúnta a bhaint amach. Bunaithe ar na sonraí bliantúla is déanaí atá ar fáil maidir leis an ráta fostaíochta (daoine idir 20 agus 64 bliana d'aois), sháraigh 5 Bhallstát a spriocanna náisiúnta in 2022 agus tá a sprioc féin bainte amach ag ceann amháin. Anuas air sin, b'airde an ráta fostaíochta cheana féin in 2022 ná 78 %, príomhspríoc an Aontais, in 11 Bhallstát (8 mBallstát a bhí i gceist bliain ó shin).
11. Ach an fás bliantúil fostaíochta a bhí ann le déanaí (2022) sna Ballstáit a chur i gcomparáid leis an bhfás bliantúil fostaíochta thar an tréimhse idir 2013 agus 2019 (roimh COVID) agus leis an bhfás íosta (bliantúil) fostaíochta nach mór do gach Ballstát a bhaint amach chun an spriocráta fostaíochta náisiúnta a bhaint amach, is féidir a mheas gur bhain formhór na mBallstát fás fostaíochta amach in 2022 a bhí níos airde ná na meánrátaí a bhí ann roimh COVID faoi seach agus, i ngeall ar laghdú daonra, gur lú an fás íosta bliantúil fostaíochta a bheadh ag teastáil ó fhormhór na mBallstát ná mar a bhí sa tréimhse roimh an ngéarchéim chun a spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

12. Faoi chuimsiú na hanailíse agus na monatóireachta ar an dul chun cinn i dtreo spriocráta fostaíochta 2030, is fiú scrúdú a dhéanamh freisin ar fheidhmíocht na ngrúpaí éagsúla den daonra (oibríthe óga, oibríthe san aoisghrúpa phríomha agus oibríthe scothaosta, mar shampla) agus na grúpaí sin a bhfuil feidhmíocht níos ísle ná an meán acu a shaináithint. Má ghlactar leis gur léiriú é an difríocht idir an ráta sonrach fostaíochta agus meánráta fostaíochta comhfhreagrach an Aontais (nó meán na dtrí ráta fostaíochta is airde san Aontas don ghrúpa daonra sin), is ón mborradh a chuirfear faoi na rátaí fostaíochta i measc na ngrúpaí sonracha a mheastar a thiocfaidh na méaduithe hipitéiseacha. Baineann sé sin go háirithe le daoine ar bheagán oiliúna (mná agus fir) i gcás líon suntasach Ballstát.
13. Pléifidh Grúpa Táscairí an Choiste Fostaíochta, ag céim níos déanaí, an cur chuige modheolaíochta a bhaineann le monatóireacht ar an dul chun cinn i dtreo príomhspríocanna agus spríocanna náisiúnta 2030 maidir leis bhfoghlaim aosach, i bhfianaise aistriú na foinse sonraí ón Suirbhé ar an Oideachas Aosach go dtí an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair in 2022.
14. Maidir le tosaíochtaí téamacha do na Ballstáit, is léir ón Monatóir ar Fheidhmiú na Fostaíochta 2023 gur ann do roinnt príomhdhúshláin fostaíochta. Maidir le réimse na scileanna agus na foghlama ar feadh an tsaoil, baineann na dúshláin sin go príomha le mí-oiriúint scileanna agus le rannpháirtíocht íseal san oiliúint. Meastar go dtabharfaidh Bliain Eorpach na Scileanna spreagadh úr don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, rud a chuirfidh ar chumas daoine agus cuideachtaí rannchuidiú leis an aistriú glas agus digiteach agus a thacóidh leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas. Is iad a leanas na príomhdhúshláin atá ann maidir leis na córais oideachais agus oiliúna: an tionchar cinniúnach a bhíonn ag an gcúlra socheacnamaíoch ar thorthaí oideachais, an líon beag daoine a bhfuil bunscoil ann acu, an t-oideachas treasach, ráta luathfhágála na scoile, agus tarraingteacht íseal ghairm na múinteoireachta.

15. Sainaitnítear dúshláin freisin i réimse na rannpháirtíochta i margadh an tsaothair, lena n-áirítear dúshláin roimh ghrúpaí sonracha ar nós oibrithe scothaosta, daoine óga, ban, oibrithe ar bheagán oiliúna agus daoine nach náisiúnaigh den Aontas Eorpach iad. I roinnt tíortha, léirítear dúshláin a bhaineann le feidhmiú na sochar dífhostaíochta agus/nó tionchar na gcóras cánach agus sochar ar rannpháirtíocht i margadh an tsaothair (e.g. sáinneacha an phá ísil, sáinneacha na dífhostaíochta). Is príomhábhar inní é i réimse an chomhionannais inscne go bhfuil bearnaí fostaíochta idir na hinscíní fós ann agus, i réimse na cothromaíochta oibre is saoil, is saincheisteanna tábhachtacha iad soláthar agus glacadh cúraim agus tionchar na tuismitheoireachta ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair. Tá an deighilt i margadh an tsaothair ina ábhar inní fós do roinnt Ballstát, cé go sainaithnítear dúshláin eile i réimse bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair agus i bhfeidhmiú na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta.
16. Sainaithnítear san anailís freisin ‘treochtaí dearfacha le déanaí’ agus ‘treochtaí diúltacha atá le faire’ san Aontas i gcoitinne. Go háirithe, leagtar béim sa Mhonatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta ar roinnt forbairtí dearfacha don tréimhse 2021-2022: méadú ar an ráta fostaíochta i gcás daoine idir 20 agus 64 bliana d’aois i ngach Ballstát; méadú ar an bhfostaíocht iomlán in 25 Bhallstát; méadú ar ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta in 24 Bhallstát; laghdú ar an ráta NEET i gcás daoine idir 15 agus 29 mbliana d’aois in 19 mBallstát; méadú ar rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil (céatadán an daonra fásta idir 25 agus 64 bliana d’aois a ghlacann páirt san oideachas agus san oiliúint le 4 seachtaine anuas) in 15 thír. Dearbhaítear cuid de na treochtaí bliantúla sin leis an anailís a rinneadh ar fhorbairtí níos fadtéarmaí thar thréimhse 3 bliana. Mar sin féin, sainaithnítear sa Mhonatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta roinnt treochtaí diúltacha don tréimhse 2021-2022: meath ar an gcostas aonaid saothair ainmniúil in 21 Bhallstát agus minicíocht ard neamhghníomhaíochta agus obair pháirtaimseartha mar gheall ar fhreagrachtaí pearsanta agus teaghlaigh in 13 Bhallstát.
17. Tugtar le fios san obair faireachais iltaobhaigh a rinne an Coiste Fostaíochta le déanaí go bhfuil athchóirithe déanta ag na Ballstáit i ngach réimse beartais a shainaithin an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta mar réimsí tosaíochta ach go bhfuil dúshláin fós ann, mar a chuirtear i dtreis freisin sna moltaí tírshonracha do 2023.

18. Tá beartais uas-scilithe agus athscilithe tugtha isteach ag na Ballstáit, nó tá sé beartaithe acu iad a thabhairt isteach, agus é mar chuspóir acu aghaidh a thabhairt ar an nganntanas méadaitheach scileanna in earnálacha ardéilimh (cúram sláinte, mar shampla), dul i ngleic le mímhaitseáil scileanna, agus scileanna an lucht saothair a oiriúnú don saol oibre atá ag athrú, lena n-áirítear le tacaíocht ó na hacmhainní atá ar fáil ó CSE+ agus ó *NextGenerationEU*. I gcomhthéacs na margaí saothair dochta agus na dífhostaíochta ísle, tá bearta oiliúna á dtabhairt isteach ag na Ballstáit a dhíríonn go príomha ar na daoine is leochailí, ar daoine iad nach bhfuil á gcur chun tairbhe go fóill. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí agus acmhainn na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta (SPF), lena n-áirítear le huirlisí digiteacha feabhsaithe le haghaidh mhargaidh an tsaothair agus réamhaisnéis scileanna. Thairis sin, tá na Ballstáit ag cur dlús lena n-iarrachtaí feabhas a chur ar scileanna múinteoirí, go háirithe a gcuid scileanna digiteacha, agus tarraingteacht ghairm na múinteoireachta a mhéadú.
19. Tá tionchar ag deighilt mhargadh an tsaothair ar fud na mBallstát ar ghrúpaí áirithe, go háirithe daoine óga, mná, imircigh agus daoine ar bheagán oiliúna. I gcásanna áirithe, tá ráta ard fós ann maidir le fostaíocht pháirtaimseartha ainneonach, agus tá rátaí na n-aistrithe ó chonarthaí sealadacha go conarthaí buana íseal. Le linn 2022, lean go leor Ballstát dá n-iarrachtaí conarthaí neamhiata a chur chun cinn mar ghnáthshocrú oibre. Is tosaíocht i gcónaí é i gclár oibre beartais go leor Ballstát dul i ngleic leis an mí-úsáid a bhaintear as cineálacha neamhthipiciúla oibre agus féinfhostaíochta agus aghaidh a thabhairt ar obair neamhdhearbhaithe. Ina theannta sin, tá an obair ardáin tagtha i dtreis, rud lenar rannchuidíodh le poist a chruthú ach lena mbaineann dúshlán ó thaobh dálaí córa oibre de freisin.

20. Maidir le cánachas saothair, mar gheall ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh agus bia, thug go leor Ballstát bearta isteach in 2022 chun tionchar an bhoilscithe ar ioncaim teaghlach agus oibrithe a mhaolú. Rinneadh dul chun cinn freisin in go leor Ballstát maidir leis an gcóras cánach a ghlású agus é a dhéanamh níos tacúla i leith an fháis inbhuanaithe. Mar sin féin, chun tacú le fás cuimsitheach, tá spás suntasach fós ann i roinnt mhaith Ballstát chun cánachas a aistriú ón saothar agus chun feabhas a chur ar a gcuid córas sochair cánach. Le rátaí cánach imeallacha atá dea-dheartha, is féidir rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a chothú, go háirithe rannpháirtíocht an dara saothraí, agus na huaireanta oibre a mhéadú. Ina theannta sin, tá an ding chánach ar oibrithe ar phá íseal fós ard i roinnt mhaith Ballstát.
21. Tá freagrachtaí cúraim, lena n-áirítear freagrachtaí do dhaoine a bhfuil cúram fadtéarmach de dhíth orthu agus do leanaí, fós ar cheann de na príomhthosca a chuireann bac ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus ar fhostaíocht lánaimseartha i roinnt mhaith Ballstát, a choinníonn thart ar 7.7 milliún bean amach as margadh an tsaothair. Mar sin féin, tugtar faoi deara go bhfuil dul chun cinn déanta ar bhonn uilechoiteann maidir le rochtain a sholáthar ar oideachas agus ar chúram luath-óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán, go háirithe trí sholáthar na n-áiteanna atá ar fáil a leathnú agus trí thacú le teaghlaigh ar ioncam íseal rochtain a fháil ar sheirbhísí. I gcásanna áirithe, de bharr aois an oideachais éigeantaigh a bheith íslithe, tháinig méadú ar an rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath-óige. D’ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh, tá dúshlán shuntasacha fós ann a bhaineann le feabhas a chur ar rochtain do leanaí a bhfuil cúlra socheacnamaíoch bocht acu agus le hoideachas agus cúram na luath-óige a chur in oiriúint do riachtanais leanaí faoi mhíchumas nó a dteastaíonn cúram speisialta uathu.

22. Leagadh béim san athbhreithniú ón gComhairle Fostaíochta maidir leis an idirphlé sóisialta gur fearr ná leordhóthanach an creat institiúideach don idirphlé sóisialta i bhformhór mór na mBallstát. Mar sin féin, is den rithábhacht fós é nach rannpháirtíocht fhoirmiúil chomhpháirtithe amháin a bheadh ann ach go bhféadfaí próiseas comhairliúcháin tráthúil agus fiúntach a áirithiú le linn an phróisis déanta beartas ar fad. Is féidir feabhas a chur ar cháilíocht na gcomhairliúchán freisin nuair a bhíonn torthaí fianaise-bhunaithe agus measúnuithe tionchair *ex-ante* ar an reachtaíocht atá beartaithe mar bhonn taca leo.
23. Maidir le Pacáiste Earraigh 2023 a ghlac an Coimisiún an 24 Bealtaine, thug an Coiste Fostaíochta dá aire, sa tuairim chothrománach chomhpháirteach uaidh agus ó SPC maidir le Seimeastar Eorpach 2023 do Chomhairle EPSCO mhí an Mheithimh 2023, go raibh líon na moltaí tírshonracha sna réimsí faoi inniúlacht EPSCO fós níos teoranta ná mar a bhí i dtimthriallta an tSeimeastair sular tugadh isteach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Thug sé dá aire freisin líon níos airde na moltaí tírshonracha ‘cothrománacha’ atá beartaithe do na Ballstáit uile, agus béim á leagan aige ag an am céanna ar an ngá atá le cineál tírshonrach na moltaí sin a chaomhnú.
24. Sa tuairim uathu, d’iarr an Coiste Fostaíochta agus SPC go mbunófaí comhordú níos dlúithe idir beartais eacnamaíocha, fhioscacha, fostaíochta agus shóisialta², i bhfianaise raon leathan na rioscaí socheacnamaíocha agus na ndúshlán beartais atá ann faoi láthair a bhfuil tionchar ag cogadh na Rúise foghach ar an Úcráin orthu agus d’fhonn aistrithe córa glasa agus digiteacha agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, is príomhthosaíocht i gcónaí é ról EPSCO agus a chuid Coistí a neartú laistigh den Seimeastar Eorpach agus é á aithint ag an am céanna nach mór leanúint de na hiarrachtaí atá á ndéanamh uirlisí faireacháin na gCoistí a nuachóiriú, díriú reatha an tSeimeastair a choinneáil i gcomhréir leis an gConradh, agus rioscaí a bhaineann le hualach riaracháin a sheachaint.

² I gcomhréir leis na hinniúlachtaí atá bunaithe ar na Conarthaí faoi seach agus le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

25. Mar fhreagra ar an iarraidh sin, agus ar iarraidh a rinne Comhairle EPSCO roimhe sin i mí an Mhárta 2022³, chuir Grúpa na dTáscairí tús leis an machnamh ar uirlisí monatóireachta agus tuairiscithe an Choiste Fostaíochta agus é mar aidhm aige na huirlisí a dhéanamh níos oiriúnaí dá bhfeidhm. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim den chleachtadh sin, atá ar bun faoi láthair, athbhreithniú a dhéanamh ar an gComhchreat Measúnúcháin mar bhonnlíne do gach uirlis eile.
26. Is uirlis chomhordúcháin éifeachtach i gcónaí é an Seimeastar Eorpach chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach, iomaíochas, fostaíocht agus cosaint shóisialta leordhóthanach agus cuimsiú sóisialta a chothú. Le timthriall Sheimeastar Eorpach 2024, ba cheart leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i margadh an tsaothair atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i gcomhthéacs na héiginnteachta geopholaitiúla agus eacnamaíche go domhanda, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus teagmhais a bhaineann leis an suaitheadh aeráide. Ba cheart do thimthriall an chéad Seimeastair eile leanúint de thacaíocht a thabhairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe dhéimeagrafaigh ar mhargadh an tsaothair. Mar a chuirtear i bhfios sa Mhionatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta, chun na príomhspríocanna do 2030 a bhaint amach ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ní mór dul i ngleic le dúshláin struchtúracha i réimsí ar nós na gceann seo a leanas: an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair agus beartais ghníomhacha maidir le margadh an tsaothair, oideachas agus oiliúint, scileanna agus an fhoghlaim ar feadh an tsaoil, feidhmiú na gcóras cánach/sochar, an comhionannas inscne agus an chothromaíocht oibre is saoil chomh maith le deighilt mhargadh an tsaothair.

³ Féach 6933/22 ón gComhairle.